

An Ghaeilge sa Bhaile / Irish at Home



3. Ag Labhairt is ag Léamh as Gaeilge / Speaking and Reading in Irish

Introduction / Réamhrá

In school, your child is learning Irish as part of the *Primary Language Curriculum/Curaclam Teanga na Bunscoile*. This resource has been developed to help parents support their children as they learn Irish. Each tip sheet describes a range of activities which you can do with your child at home 'as Gaeilge'. These materials are designed to be fun and engaging for both parents and children.

There are 4 tip sheets in this resource. Each explores the opportunities for the use of Irish at home.



1. Irish All Around Me / An Ghaeilge Mórthimpeall Orm
2. Praise, Praise, Praise! / Mol an Óige agus Tiocfaidh Sí!
3. Speaking and Reading in Irish / Ag Labhairt is ag Léamh as Gaeilge
4. Fun at Home / Spreagadh agus Spraoi sa Bhaile

Audio clips have been recorded for certain sections of each tip sheet. This is indicated by a . Click on this icon to access the relevant audio clip on Sound Cloud. If there is no  next to a word and you are unsure of its pronunciation, use www.abair.ie.

Tá do pháiste ag foghlaim Gaeilge ar scoil mar chuid de *Churaclam Teanga na Bunscoile*. Cuireadh an acmhainn seo le chéile chun cabhrú le tuismitheoirí tacú lena bpáistí agus iad ag foghlaim na Gaeilge. Déanann gach bileog leide cur síos ar ghníomhaíochtaí is féidir leat a dhéanamh sa bhaile le do pháiste as Gaeilge. Ba chóir go mbeinfeadh do pháiste agus tú féin sult as an ábhar seo agus go mbeadh an bhéim ar úsáid na Gaeilge.

Tá 4 bhileog leide san acmhainn seo. Díríonn gach ceann ar na deiseanna atá ann chun an Ghaeilge a úsáid sa bhaile.

1. An Ghaeilge Mórthimpeall Orm / Irish All Around Me
2. Mol an Óige agus Tiocfaidh Sí! / Praise, Praise, Praise!
3. Ag Labhairt is ag Léamh as Gaeilge / Speaking and Reading in Irish
4. Spreagadh agus Spraoi sa Bhaile / Fun at Home

Tá gearrthóga fuaime taifeadta do chuid mhaith den ábhar ar na bileoga leide seo. Cuirtear é seo in iúl leis an deilbhín . Cliceáil air seo chun an ghearrthóg a fháil ar Sound Cloud. Mura bhfuil deilbhín  in aice le focal agus má tá cabhair uait leis an bhfuaimniú, téigh chuig www.abair.ie.

Ag Labhairt is ag Léamh as Gaeilge / Speaking and Reading in Irish

Is bealach an-phléisiúrtha í an léitheoireacht le teagmháil rialta a bheith ag do pháiste leis an nGaeilge. Cabhraíonn sé leis na páistí freisin dul i dtaithí ar fhuaimneanna na Gaeilge, a bheith ag éisteacht le scéalta spreagúla Gaeilge, agus a bheith ag caint fúthu.

Reading in Irish is a lovely way for your child to connect to the language regularly. Reading also helps your child to get used to the sounds of the Irish language, as well as listening to and speaking about great Irish-language stories.



Tá bileoga leide eile ar fáil ag <https://ncca.ie/ga/bunscoil/acmhainn%C3%AD-do-thuismitheoir%C3%AD>
You can access more tip sheets at ncca.ie/en/primary/resources-for-parents

Seal Scéalaíochta / A Reading Snack

Cuir ceann de na scéalta seo a leanas ar siúl ag am dinnéir nó sa charr.


- Éist le leabhair an Ghúim [anseo](#).¹
- Éist le scéalta béaloidis [anseo](#).²
- Éist le fabhalscéalta [anseo](#).³
- Is féidir libh breathnú ar Scéal an Lae sula dtosaíonn sibh ar an leabhar sin a léamh [anseo](#).⁴

Why not put one of these stories on in the background while you are making dinner or in the car?

- Listen to books from An Gúm [here](#).¹
- Listen to folklore stories [here](#).²
- Listen to fables [here](#).³
- Or have a look at someone reading a story before you start reading it yourself [here](#).⁴

Blaiseadh den Léitheoireacht / A Taste for Reading

Léigh oidis chócaireachta [anseo](#).⁵

-  Ar mhaith leat triail a bhaint as anois?
- Ansin is féidir léirmheas a chumadh ar an oideas!

Have a read of one of these recipes [here](#).⁵

- Would you like to try it out now?
- Now you can review the recipe!

Dreas Ceoil / A Blast of Music

Éist le roinnt amhráin iontacha as Gaeilge. Ar mhaith leat damhsa leo?

Tá amhráin bhreátha ar fáil sna cnuasaigh seo a leanas. Tá cuid acu ar fáil ar Youtube freisin:

- Bróga Nua (bunranganna agus meánranganna)
- Bliain na nAmhrán (bunranganna agus meánranganna)
- Ceol na Mara (meánranganna)
- Ceol Choláiste Lurgan (Tá an ceol seo oiriúnach do na ranganna sinsearach. Éist leis an amhrán tú féin ar dtús)
- Gugalaí Gug (bunranganna agus meánranganna, leagan dátheangach ann)











Have a listen to some great songs in Irish. Do you feel like dancing to them?

There are great songs available in the following collections. Many are available on Youtube also:

- Bróga Nua (*junior and middle classes*)
- Bliain na nAmhrán (*junior and middle classes*)
- Ceol na Mara (*middle classes*)
- Ceol Choláiste Lurgan (*These songs are more suitable for older classes. Have a listen to the song first yourself.*)
- Gugalaí Gug (*Bilingual version - junior and middle classes*)

Nathanna Cabhracha don Léitheoireacht / Helpful Phrases for Reading

Bain triail as roinnt de na nathanna cainte thíos agus tú ag léamh scéil sa bhaile. Priontáil amach iad agus cuir iad ar an gcuiseoir nó in áit a bhfeicfidh tú iad go minic.

-  • Léimis le chéile!
-  • Breathnaigh ar an gclúdach!
-  • Oscail an chéad leathanach!
-  • Cas an leathanach!
-  • Maith thú!
-  • Lean ort!
-  • Cad a tharlóidh anois?
-  • Cad a cheapann tú faoin gcarachtar sin?
-  • Bhain mé an-sult as sin!
-  • Ar mhaith leat scéal eile?

Try using some of the phrases below when you are reading at home. Print them out and put them on the fridge or somewhere you will see them regularly.

- Let's read together!
- Look at the cover!
- Open the first page!
- Turn the page!
- Good for you!
- Keep going!
- What will happen now?
- What do you think about that character?
- I enjoyed that!
- Would you like another story?

Roghnaigh Leabhair Spreagúla / Choose Brilliant Books

- Má tá tú ag iarraidh teacht ar leabhar maith faoi théama faoi leith, breathnaigh ar www.childrensbooksireland.ie faoi 'Our Recommendations'.
- Má tá tú ag iarraidh teacht ar leabhar d'aoisghrúpa faoi leith, breathnaigh ar Scéalta den Scoth: Ag Cothú Fonn Léitheoireachta [anseo](#).⁶
- Tabhair cuairt ar Chlinic Leabhar leis na Dochtúirí Leabhar agus faigh 'oideas' do leabhar maith! Tá tuilleadh eolais faoi na dátaí agus na téamaí do na clinicí amach anseo ar fáil ar www.childrensbooksireland.ie faoi 'What We Do'.

- If you are looking for a good book that deals with a particular theme, have a look at www.childrensbooksireland.ie under 'Our Recommendations'.
- If you are looking for a book for a particular age group, have a look at Scéalta den Scoth: Ag Cothú Fonn Léitheoireachta [here](#).⁶
- Come along to a Book Clinic with the Book Doctors and get a 'prescription' for a good book. You can find more information on dates and themes of upcoming Book Clinics on www.childrensbooksireland.ie under 'What We Do'.

Nóta / Note

Dóibh siúd le cóip chrua den áis seo, is iad seo a leanas na naisc atá luaite ar an mbileog leide seo.

For those with a print-out of this resource, here is a list of the links referenced on this tip sheet.

1. <https://soundcloud.com/forasnagaeilge/sets/an-gum-1>
2. <http://www.askaboutireland.ie/reading-room/digital-book-collection/talking-ebooks/scealta/>
3. <https://leighleat.com/fabhalsc%C3%A9alta>
4. https://www.youtube.com/playlist?list=PLbcLsUBW9b3AsknOKbR0-K_No4maqeKBB
5. <https://www.cula4.com/ga/cula4-na-nog/clair/bia-linn/oidis/>
6. <https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/LEAGAN-DEIREANACH-A4-web.pdf>

Bain súp as do chuid Gaeilge a úsáid sa bhaile! / Enjoy using your Irish at home!